NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10509 — MIRA / OTPP / PGGM / BCI / OMERS / AIMCO / PUGET)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 25/04)

1. An 7 Eanáir 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Macquarie Infrastructure and Real Assets, Inc. ("MIRA", Stáit Aontaithe Mheiriceá), a bhaineann leis an ngrúpa Macquarie (an Astráil),

— Ontario Teachers' Pension Plan Board ("OTPP", Ceanada),

— PGGM Vermogensbeheer B.V. ("PGGM", an Ísiltír),

— British Columbia Investment Management Corporation ("BCI", Ceanada),

— OMERS Administration Corporation ("OMERS", Ceanada),

— Alberta Investment Management Corporation ("AIMCo", Ceanada),

— Puget Holdings LLC ("Puget", Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh MIRA, OTPP, PGM, BCI, OMERS agus AIMCo rialú comhpháirteach ar Puget, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Bainfear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás MIRA: is bainisteoir sócmhainní lánseirbhíse é, a sholáthraíonn réitigh infheistíochta do chliaint ar fud réimse cumas, lena n-áirítear bonneagar, acmhainní in-athnuaite, eastát réadach, talmhaíocht, airgeadas iompair, cothromas, ioncam seasta, creidmheas príobháideach, agus réitigh ilsócmhainní,

— i gcás OTPP: tá sé bainteach le sochar pinsin a riar agus sócmhainní plean pinsin a infheistiú thar ceann múinteoirí gníomhacha agus múinteoirí ar scor i gcúige Ontario Cheanada,

— i gcás PGGM: is riarthóir pinsin de chuid na hÍsiltíre é atá speisialaithe i riaradh comhphinsean,

— i gcás BCI: is gníomhaire de chuid Rialtas British Columbia é, a dhéanann infheistiú thar ceann chliaint san earnáil phoiblí ar fud raon aicmí sócmhainní, lena n-áirítear ioncam seasta, cothromas poiblí, cothromas príobháideach, bonneagar, acmhainní in-athnuaite, eastát réadach agus morgáistí tráchtála,

— i gcás OMERS: riarann sé na pleananna pinsin d'fhostaithe de chuid rialtais bhardasacha, boird scoile, leabharlanna, seirbhísí póilíneachta agus dóiteáin, cumainn chabhrach do leanaí, agus gníomhaireachtaí áitiúla eile ar fud chúige Ontario,

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

— i gcás AIMCo: déanann sé bainistíocht ar infheistíochtaí, pinsin agus dearlaicí poiblí cúigeacha éagsúla, agus eintitis áirithe eile arna n-ainmniú ag an Aire Airgeadais do Chúige Alberta,

— i gcás Puget: tá sé gníomhach i nginiúint leictreachais trí fhuinneamh hidrileictreach, gual, gás nádúrtha/ola, gaoth agus acmhainní eile, chomh maith le tarchur agus dáileadh, sna Stáit Aontaithe amháin. Tá sé gníomhach freisin i ndáileadh gáis nádúrtha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]) ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10509 — MIRA / OTPP / PGGM / BCI / OMERS / AIMCO / PUGET

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.